




Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property Office of Ireland

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil 2020






Brollach

I gcomhréir le forálacha Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992, tá an onóir agam mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017. Bainneann mo Thuarascáil le cur i gcrích mo chuid feidhmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992 (arna leasú); an tAcht Trádmharcanna, 1996 (arna leasú); an tAcht um Dheartháí Tionscail, 2001; an tAcht um Chóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000; na Rialacha Reachtúla agus Rialacháin éagsúla a rinneadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Tá cinntí faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo le mo chumas reachtúil, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Cuimsíonn mo Tuairisc freisin tuairisc ar Scéim Dheimhniúcháin KDB mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017.

Chomh maith lena chroíghnó arb é an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le hiarratais ar chearta maoine intleachtúla (paitinní, deimhnithe forlíontacha cosanta (SPCnna), trádmharcanna agus dearáí tionsclaíocha) a riar agus cláir leictreonacha agus bunachair shonraí na gceart sin a choinneáil, comhlíonann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) roinnt feidhmeanna oibríochtúla agus rialála lena n-áirítear:

- Imeachtaí a riar os comhair an Rialaitheora maidir le cearta Maoine Intleachtúla lena n-áirítear éisteachtaí ar chur i gcoinne clárúcháin trádmharcanna.
- Cláir aturnaetha paitinne agus trádmhairc a choinneáil atá údaraithe oibriú sa Stát.
- Clárú agus tuairisciú comhlíontachta ag comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt/eagraíochtaí comhbhainistíochta a riaradh chomh maith le réiteach díospóidí maidir le méideanna ríchiosa is infíochta leis na comhlachtaí siúd a thagann chun cinn go príomha i réimse an taispeántais taifeadtaí fuaime phoiblí.
- Cur le forbairt beartais agus reachtaíochta i dtaobh cearta maoine intleachtúla.
- Cúnamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chearta maoine intleachtúla.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don iarracht shuntasach oibre agus don rannchuidiú a chuir foireann na hOifige isteach le linn 2020 agus dá dtiomantas leanúnach do sheirbhís éifeachtúil, éifeachtach a sholáthar le linn tréimhse neamhghnách. Cosúil le hoifigí rialtais eile bhí ar an IPOI déileáil le dúshlán na paindéime COVID-19. Is trí thiomantas na foirne uile agus de bharr tacaíocht an Aonaid TFC a bhí sé ar ár gcumas an trealamh TF agus forimeallaigh a chur chun oibre de réir a chéile agus mar thoradh air sin, ó mhí an Mhárta ar aghaidh, bhí ar chumas formhór na foirne tabhairt faoi obair ón mbaile agus an cur isteach ar ár gcuid príomhsheirbhísí don earnáil ghnó a laghdú an oiread agus is féidir.



Gerard Barrett
Ceannsaí



Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI

Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) (ar a dtugtaí Oifig na bPaitinní roimhe seo) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá sí freagrach as cearta maoine intleachtúla (IPRanna) a dheonú agus a chlárú in Éirinn, go sonrach cearta paitinne, trádmhairc agus dearaidh thionsclaíoch. Tá 47 státseirbhíseach ag obair san IPOI atá sannta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Is é príomh-mhisean an IPOI:

“Córas éifeachtúil agus éifeachtach um chosaint maoine intleachtúla a sholáthar a spreagann forbairt theicneolaíoch agus a chuireann fiontar chun cinn”.

Tá sé seo le baint amach trí chearta maoine intleachtúla a chosaint laistigh de chreat dlíthiúil éifeachtach a spreagann nuálaíocht in Éirinn agus a éascaíonn scaipeadh réamhghníomhach eolais ábhartha faoi IPRanna agus an córas IP.

In 2020 d'fhoilsigh an Oifig Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2020 go 2022. Leagtar amach sa ráiteas seo príomhthosaíochtaí atá ailínithe le ceithre chuspóir straitéiseacha a mbeidh an Oifig ag obair chun iad a bhaint amach sna trí bliana amach romhainn: (1) sármhaitheas oibríochta, (2) sármhaitheas seirbhíse do chustaiméirí, (3) creat dlíthiúil éifeachtach IP agus (4) feasacht agus tuiscint ar chearta IP a chur chun cinn go héifeachtach.

Sa tráchttaireacht seo a leanas agus sna staitisticí gnó a ghabhann léi féachtar ar ghníomhaíochtaí na hOifige maidir leis na ceithre chuspóir seo a sheachadadh le linn 2020 agus tugtar aird freisin ar thionchar na paindéime COVID-19 ar an Oifig agus a cuid seirbhísí. Cuimsíonn sé freisin roinnt breathnuithe ar threochtaí IP agus an tírdhreach IP a tháinig chun cinn i rith na bliana.

Cuspóir 1: Sármhaitheas Oibriúcháin

Le linn 2020, b'éigean d'oifigí maoine intleachtúla ar fud an domhain céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na paindéime COVID-19 agus an tionchar a bhí ag srianta, dianghlásálacha agus orduithe um fanacht sa bhaile ar chleachtóirí IP, ar shealbhóirí cearta IP agus ar a gcuid oibríochtaí féin. I bhfianaise iarmhairtí suntasacha eacnamaíocha na srianta, b'éigean don IPOI, cosúil le go leor eagraíochtaí eile, athmhachnamh a dhéanamh ar bhealaí chun oibriú i bhfianaise na ndúshlán oibríochta suntasach a bhaineann leis an bpaindéim.

Bhí an IPOI ag feidhmiú amach 's amach i gcónaí le linn 2020, in ainneoin tionchair shochaíocha agus eacnamaíocha na paindéime Covid-19 ar fud an domhain. Tá áthas orm a rá gur fiú go mór an saothar atá déanta ag an Oifig chun a chur ar a cumas clár oibre digiteach agus seirbhísí ar líne a

sholáthar. Cé gur fhan áitreabh IPOI dúnta don phobal, níor scoir na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig i rith na bliana. Bhí an t-ádh ar an IPOI gur féidir an chuid is mó dá seirbhísí agus cumarsáid le hiarratasóirí a sheachadadh go leictreonach agus ar líne. Faoi thosach mí an Mhárta 2020, tugadh ríomhaire glúine agus fón póca do gach ball foirne san Oifig, rud a chuir ar a gcumas cianobair a dhéanamh ón mbaile agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do gach seirbhís ar líne.



Dúnadh an IPOI do chuiditheoirí ón 14 Márta 2020

Roimh an paidéim, bhíodh in ann, trí ríomhchomhdú a thabhairt isteach, líon na n-iarratas a comhdaíodh ar pháipéar a laghdú, rud as a lean gur tháinig laghdú ar ghníomhaíochtaí iar-chomhdaithe a rinneadh ar pháipéar freisin. Le linn 2020, chuir cianobair dlús le húsáid comhaid agus doiciméad leictreonach agus le húsáid cumarsáide ríomhphoist tuilleadh. Níl an Oifig go hiomlán gan pháipéar fós ach is féidir gach iarratas ar chearta IP a phróiseáil go leictreonach ó iarratas go deontas/clárú. Tá an córas riaracháin cumraithe freisin chun go bhféadfar próiseáil leictreonach agus taifeadadh a dhéanamh ar fhormhór na ngníomhaíochtaí iar-dheontais/iar-chláraithe.

Tá córas ríomhchomhdaithe galánta i bhfeidhm ag an Oifig a oibríonn 24/7, rud a chumasaíonn comhdú ar líne a dhéanamh ar gach iarratas ar phaitinn, ar dheimhniú cosanta forlíontach, ar thrádmharc agus ar dhearadh. Le linn 2020, comhdaíodh formhór mór na n-iarratas ar chearta IP ar líne trí shuíomh gréasáin na hOifige. (Paitinní & SPCanna 91%, TManna 97%, Dearaí 64%). Íoctar beagnach 100% de tháillí reachtúla na hOifige go leictreonach anois ar líne nó trí ríomhaistriú airgid (EFT), rud a léiríonn toilteanas na gcustaiméirí na córais íocaíochta slána a úsáid. Maidir le custaiméirí nach féidir leo leas a bhaint as an tsaoráid íocaíochtaí ar líne, úsáideann an Oifig teirminéal cárta creidmheasa (CCT) freisin chun íocaíocht slán táillí ar an teileafón a éascú. Ina theannta sin, agus ar iarratas ó aturnaetha IP, lean an Oifig ag cur saoráid slán Dropbox ar fáil chun gur féidir leas a bhaint as cur isteach criptithe slán leictreonach doiciméid IP dhigiteacha. In 2020, bhain 25 cuideachta leas as an tsaoráid Dropbox. Ní raibh aon tionchar ag an bpaidéim ar na seirbhísí seo.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 47 post údaraithe ag an Oifig, an líon céanna agus a bhí aici in 2019. Mar sin féin, nuair a chuirtear sosanna gairme, comhroinnt oibre agus socruithe oibre eile

a thacaíonn le teaghlaigh san áireamh, d'oibrigh an Oifig le leibhéal foirne de 43.38 coibhéis lánaimseartha le linn 2020. Bhí post folamh amháin mar Oifigeach Feidhmiúcháin. Trí uathobriú nósanna imeachta agus feabhsuithe nuálacha ar phróiseáil inmheánach gnó in éineacht le líon foirne a bhfuil taithí acu d'éirigh leis an Oifig leanúint de na héilimh ar leibhéil arda seirbhíse poiblí a chomhlíonadh gan acmhainní foirne a mhéadú agus gan cur isteach ar éifeachtacht oibríochta.

Geallann an Oifig a chinntiú go ndéantar feidhmíocht na foirne go léir a mheas go rialta. Tugann an Córas um Bainistíocht Feidhmíochta a Fhorbairt (PMDS) an deis don fhoireann spriocanna ar leith a chur, athrú a thionscnamh agus a sheachadadh agus leanúint ar aghaidh ag feabhsú cleachtais oibre d'fhonn seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar. De réir an chórais PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oiliúna a chuir san áireamh na riachtanais oiliúna éagsúla a d'aithin baill foirne ina bpleananna forbartha pearsanta do 2020. Le linn 2020, bhí an fhoireann in ann freastal ar réimse seisiún faisnéise agus oiliúna a tionóladh trí Webex nó Zoom ar ábhair éagsúla chomh maith le saincheistanna a bhaineann le folláine, sláinte mheabhrach agus choirp.

Foráiltear le hAcht na bPaitinní go bhfuil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagrach as soláthar foirne na hOifige. Mar sin, chuir mé an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an eolas faoin ngá le planáil don tionchar a bheidh ag imeacht formhór na foirne bainistíochta sinsearaí ón Oifig tar éis ardú céime agus tar éis dul ar scor dóibh, rud a bhfuiltear ag súil leis gar do dheireadh na bliana 2021.

Cuspóir 2: Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí

Mar thoradh ar thionchar na paindéime agus na srianta a tugadh isteach i Márta 2020 mar chuid de phlean an Rialtais chun scaipeadh COVID 19 a chomhrac, bhí ar an IPOI a cuid seirbhísí agus a cuid próiseas a oiriúnú gan mhoill. Faoi dheireadh mhí an Mhárta, bhí 92% d'fhoireann IPOI ag obair ón mbaile. D'éascaigh an tAonad TFC an t-aistriú chuig obair bhaile agus chuir laghdú ar phróiseáil páipéarbhunaithe a baineadh amach le blianta beaga anuas ar chumas na foirne oibriú go cianda ag úsáid ríomhairí glúine agus fóin phóca atá nasctha le córais na hOifige. Ina theannta sin, lean baill foirne IPOI a bhí ag obair go cianda ag coinneáil seirbhísí ar líne agus r-sheirbhísí araon lena n-áirítear íocaíochtaí leictreonacha táillí agus fiosrúcháin ríomhphoist agus teileafóin le linn 2020. Leanadh le próiseáil iarratas ar chearta maoine intleachtúla chomh maith le gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na cearta sin a chothabháil gan aon chur isteach suntasach ar an tseirbhís. Iarradh ar chustaiméirí seirbhísí ar líne a úsáid agus cumarsáid a dhéanamh linn go digiteach chun moilleanna a íoslaghdú. D'ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn mar thoradh ar an obair phaindéime agus an chianobair, dhéileáil foireann na rannóige faisnéise le níos mó ná 4,500 ríomhphost a léiríonn méadú 50% ar an líon comhfhreagrach in 2019. Lean foireann na rannóige faisnéise ag soláthar lán-tseirbhíse teileafóin do chustaiméirí agus dhéileáil siad le thart ar 3,800 fiosrúchán teileafóin in 2020.

Le linn 2020, d'oibrigh an IPOI go dlúth lena páirtithe leasmhara agus bhí a dtacaíocht, a dtograí agus a n-aiseolas cuiditheach thar a bheith tairbheach. Beidh an tacaíocht seo riachtanach chun déileáil le dúshlán eagrúcháin, éilimh agus seirbhíse ar dóigh dóibh teacht chun cinn i 2021.

Tar éis srianta a bheith tugtha isteach i Márta 2020, d'aithin an Oifig go raibh dúshlán shuntasacha le sárú ag gnóthais, sealbhóirí cearta agus gairmithe IP. Dá bhrí sin, measadh gur "laethanta

eisiata” na laethanta idir 13 Márta agus 2 Meitheamh 2020 chun gach críche faoi na hAchtanna agus na Rialacha. Trí úsáid a bhaint as an bhforáil “lá eisiata” sna Rialacha, aithníodh gur cuireadh isteach ar ghnáthchúrsa an ghnó. Mar seo bhí cead ann formhór na spriocdhátaí agus na ndátaí dlite íocaíochta as iarratais ar gach ceart IP mar aon leis na hidirbhearta a bhain leis na cearta sin a thit ar “lá eisiata” a chur siar. Tar éis deireadh a chur le tréimhse na laethanta eisiata an 2 Meitheamh, d’aithin an IPOI go raibh tionchar fós ag na srianta paidéime ar roinnt gnólachtaí. Ghlac an Oifig cur chuige chomh solúbtha agus is féidir maidir le tréimhsí ama a fhadú agus thug mé le fios go bhfeidhmeoinn mo chumhachtaí lánroghnacha chun iarratais ar shíneadh ama a mheas chomh fabhrach agus is féidir, ar bhonn cás ar chás.

Tá an Oifig tiomanta d’athbhreithniú a dhéanamh i gcónaí ar a nósanna imeachta riaracháin agus seirbhís ardchaighdeání sofhreagrach a thabhairt de réir spriocanna feidhmíochta. Chuige sin, agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, chuir an Oifig “Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2020-2022” le chéile. Leagtar amach sa phlean 20 sprioc seirbhíse do chustaiméirí lena mbunaítear na teorainneacha ama is fearr chun tascanna éagsúla a bhaineann le custaiméirí a dhéanamh go himmheánach agus go seachtrach. Tugtar mionsonraí orthu seo sa chuid “Spriocanna Feidhmíochta” den tuarascáil. Le linn 2020, agus in ainneoin thionchar na paidéime, baineadh amach formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí go leibhéal sásúil agus ba é 90% an meánráta maidir le baint amach na spriocanna seo.

Cuspóir 3: Creat dlíthiúil éifeachtach IP

Is cuid ríthábhachtach den chreat reachtach é rialáil ar chearta maoine intleachtúla a chuireann nuálaíocht chun cinn agus a spreagann í. Tugann an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Oifig an ceart d’iarratasóirí agus do dhílseánaigh éisteacht a fháil in imthosca áirithe agus sula bhfeidhmítear aon drochthionchar ar aon chumhachtaí lánroghnacha atá leagtha amach sna hAchtanna agus sna Rialacha. Chuir srianta na paidéime dúshlán romhainn maidir le héisteachtaí ex parte agus idirpháirtí a sheachadadh a dhéanfaí i bpearsain agus duine le duine de ghnáth. Le linn 2020, réachtáil an Oifig 10 n-éisteacht ex-parte agus 3 éisteacht idirpháirtí maidir le trádmarcanna, 2 éisteacht ex-parte maidir le hiarratais ar dheimhnithe cosanta forlíontacha agus 2 éisteacht ex-parte a bhain le hiarratais chun paitinní a athbhunú. Nuair ab fhéidir é, agus aird chuí á tabhairt ar nósanna imeachta slándála córa agus le comhaontú na bpáirtithe, aistríodh gach éisteacht a tionóladh tar éis 14 Márta chuig ardáin fhíorúla ar líne.

Tar éis blianta fada ina ndéantaí córas paitinne aonair a shaothrú a chlúdaíonn an Eoraip ar fad, bhíodhas ag súil go bhféadfaí dul chun cinn ar an bPacáiste Paitinne Aonadach a threisiú le linn 2020. Foráiltear sa phacáiste Paitinne Aonadach (UP) do chóras amach anseo maidir le cosaint paitinne in oiread is 25 Ballstát AE agus ní chaithfear paitinní a bhfuil éifeacht aonadach acu a bhailíochtú i ngach stát ar leith. Beidh cumas eisiach ag Cúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC) maidir le Paitinní Aonadacha (agus, tar éis idirthréimhse, maidir le paitinní traidisiúnta Eorpacha) agus beifear in ann caingeán aonair a thionscnamh mar gheall ar shárú a chumhdóidh na Ballstáit shínithe uile.

Mar sin féin, cuireadh bac ar an dul chun cinn an 24 Márta 2020 nuair a d’fhógair Rialtas na RA “nach mbeadh sé ag iarraidh rannpháirtíocht leanúnach na RA i gCúirt na bPaitinní Aonadacha agus na bPaitinní Aontaithe toisc nach mbeadh rannpháirtíocht i gcúirt a chuireann dlí an AE i bhfeidhm agus atá faoi cheangal ag an CJEU ar aon dul le haidhmeanna an rialtais a bheith ina náisiún neamhspleách féinrialaithe”. Sula bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm, caithfidh13

de na 25 ballstát rannpháirteacha AE, lena n-áirítear an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil, (agus an Iodáil ag teacht in áit na RA) an UPCA a dhaingniú. Tá an comhaontú daingnithe ag an bhFrainc agus an Iodáil cheana féin. Bhí moill ar dhaingniú ón nGearmáin áfach mar thoradh ar shraith dúshlán dlí bunreachtúil i gCúirt Bhunreachtúil Chónaidhme na Gearmáine. Dá bharr sin, meastar nach dtiocfaidh córas na bPaitinní Aonadacha i bhfeidhm go dtí 2022 ar a luaithe. Sular féidir le hÉirinn a bheith páirteach sa Chomhaontú UPC, tá reifreann bunreachtúil riachtanach mar is é atá i gceist leis an gComhaontú aistriú dlínse le haghaidh dlíthíocht paitinne áirithe ó Chúirteanna na hÉireann chuig Cúirt Aontaithe na bPaitinní.

Déanann foireann IPOI ionadaíocht ar Éirinn ag roinnt fóraim idirnáisiúnta agus ar an gcaoi sin cinntíonn siad go gcuirtear seasamh na hOifige seo i leith cúrsaí Maoine Intleachtúla in iúl, go bhfuil sé ar eolas agus go ndéantar é a chosaint. Déanann an bhainistíocht shinsearach ionadaíocht d'Éirinn ar Chomhairle Riaracháin an EPO agus a Choistí coimhdeacha éagsúla, agus ar Bhord Bainistíochta agus Coiste Buiséid EUIPO. Tá baill d'fhoireann na hoifige, ar saineolaithe iad ina réimsí ar leith, ar roinnt coistí teicniúla agus idirchaidrimh EPO agus EUIPO, chomh maith le Grúpaí Oibre Tionscadail a spreagann tionscnaimh um chóineasú agus chomhchuibhiú na hEorpa ag EUIPO.

Éascaíonn rannpháirtíocht ar leibhéal idirnáisiúnta comhphlé ar ábhar agus struchtúr na gclár comhoibrithe agus cóineasaithe idir na heagraíochtaí sin agus Oifigí IP náisiúnta eile san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a cleachtais agus a nósanna imeachta dlí agus rialála agus a seirbhísí don gcustaiméir a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Cuspóir 4: Feasacht agus tuiscint ar chearta IP a chur chun cinn go héifeachtach.

Is gné thábhachtach d'obair na hOifige é cuidiú le fiontair bheaga agus micrifhiontair, gnólaigh nuathionscanta, fiontraithe aonair, nuálaithe agus mic léinn an córas IP a thuiscint, faisnéis a fháil ar IPRanna (Cearta Maoine Intleachtúla) agus tuiscint a fháil ar an gcaoi ar féidir le IP cabhrú leo luach a chruthú óna gcuid smaointe agus a ngnó a neartú. Le linn 2020, mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir le foireann na hOifige páirt a ghlacadh sa ghnáth-réimse imeachtaí faisnéise agus seimineár ina mbeidís i láthair go fisiciúil de ghnáth. Chomh fada agus is féidir, ghlac baill foirne páirt in imeachtaí fíorúla lena n-áirítear Expo Eolaí Óg & Teicneolaíochta BT in 2020 agus an seó Idirbhliana. Ghlac an Oifig páirt freisin i gcráoladh beo ar 'Production & Intellectual Property', arna óstáil ag an gClár Fiontar Mac Léinn. Chomh maith le páirt a ghlacadh i roinnt seimineár ar líne a d'eagraigh na hOifigí Fiontar Áitiúla, reáchtáil an Oifig 21 clinic fíorúla IP a thug deis don phobal, aireagóirí, fiontraithe agus lucht gnó a gcuid iarratas ar IP a phlé le baill foirne na hOifige ar bhonn duine le duine.

Tá cláir chomhoibrithe déthaobhacha ag an Oifig freisin leis an EPO agus an EUIPO faoina bhfaigheann sí cúnamh i dtreo a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla feasachta IP, sainoilíúint IP, tionscadail TFC chun malartuithe sonraí IP a éascú agus comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta. Chomh maith le rochtain saor in aisce ar líne ar a cláir, bunachair shonraí, agus an Iris Oifigiúil, cuireann an Oifig rochtain ar líne ar fáil ar uirlisí cuardaigh éagsúla atá áisiúil do chustaiméirí ar nós TMView, DesignView, Espacenet agus Clár na bPaitinní Cónasctha. Uasghrádaíodh an timpeallacht óstála do láithreáin ghréasáin TM agus ríomh-chomhdú agus ríomh-Sheirbhísí "Design" in 2020. Rinneadh an fhorbairt trí chúnamh saineolach a chuir an EUIPO ar fáil a úsáid.

Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla

In 2019 ba iad na príomhspreagthóirí i ngeilleagar na hÉireann ná caiteachas tomhaltóirí agus onnmhairí méadaithe le tacaíocht ó éileamh láidir intíre agus ó ghníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú sa tír. Le linn 2019, tharla moilliú i roinnt earnálacha, mar sheirbhísí agus déantúsaíocht, mar gheall ar éiginnteachtaí faoi Bhreathimeacht. Mar sin féin, rinne Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe AE-RA (TCA) an bhagairt a bhainfeadh le Breathimeacht WTO gan aon mhargadh a sheachaint, rud a chiallaigh nár tharla cur isteach suntasach ar ghníomhaíocht a bhaineann le maoine intleachtúil agus an eacnamaíocht a ghabhadh le Breathimeacht gan mhargadh.

Ó thosaigh an phaindéim, tá a tionchar ar gheilleagar na hÉireann ag athrú de réir chonair an víris agus déine na mbeart srianta agus coinneála. Bhí tionchar mór ag an bpaindéim ar an ngeilleagar intíre. In 2020 tháinig laghdú thart faoi 10 faoin gcéad ar na hearnálacha atá dírithe ar an mbaile agus méadú suas go 25 faoin gcéad ar an dífhostaíocht agus í coigeartaithe mar gheall ar covid. Mar sin féin, chuidigh tacaíocht chuimsitheach beartais agus, go háirithe, feidhmíocht láidir cuid de roinnt onnmhairithe ó chuideachtaí ilnáisiúnta sna hearnálacha cógaisíochta, seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gnó le tionchar eacnamaíoch na paindéime a theorannú agus mar thoradh air sin d'fhás OTI 3.4 faoin gcéad in 2020¹.

Ina theannta sin, mar atá le feiceáil ó na hailt seo a leanas agus na staitisticí gnó IP, níor tháinig an tionchar diúltach na paindéime a rabhthas ag súil leis ar éadail agus ar chothabháil cearta IP ag cuideachtaí Éireannacha sa bhaile agus thar lear. Is í inbhuanaitheacht na n-iarratas IP ó na hearnálacha seo cuid den chúis atá leis seo.

Paitinní

Iarratais náisiúnta ar phaitinní

Léirigh líon foriomlán na n-iarratas ar phaitinn a comhdaíodh go náisiúnta in 2020 méadú os cionn 34% i gcomparáid le 2019, (ó 217 go 292). Laistigh den líon foriomlán sin, tháinig méadú suntasach ar chomhdú paitinní náisiúnta gearrthéarmacha a fuarthas le linn 2020 i gcomparáid le hiomlán na bliana 2019 (ó 124 go 163) agus ar líon na n-iarratais ar phaitinní fadtéarmacha (ó 93 go 129). Is féidir baint a bheith ag cuid de na méaduithe ar chomhdúcháin paitinne náisiúnta le haireagáin a bhaineann leis an bpaindéim cibé acu le haghaidh feistí leighis, cineálacha masc aghaidhe, éadaí cosanta nó táirgí sláintíochta iad.

Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna)

Leathnaíonn Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) cosaint paitinne chuig táirgí míochaine agus táirgí cosanta plandaí suas le 5 bliana, chun moilleanna maidir le ceadú rialála a fháil sna luathbhlianta agus an táirge á thabhairt ó stádas paitinnithe chuig indíoltacht. Cuireann monaróirí cearta an SPC san áireamh chun síneadh ar a n-eisiachas margaidh a chinntiú d'fhonn costais infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt a aisghabháil. B'ionann iomlán na n-iarratas ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha (SPCanna) agus 62 in 2020, an líon céanna le 2019 agus fanfaidh siad mar tháscaire ar an gcaidreamh dearfach idir tréimhse fhadaíthe cosanta do chógaí agus leibhéal an taighde agus na forbartha cógaisíochta.

1. Freagraí Beartais ar COVID19 (imf.org)

Paitinní Eorpacha ag ainmniú na hÉireann

In ainneoin phaindéim an choróinviris bhí líon na n-iarratas ar phaitinn ag Oifig na bPaitinní Eorpacha in 2020 seasmhach ar an iomlán, is é sin, 180,250 (laghdú beag -0.7% ar 2019). Cuirtear iarratais Eorpacha ar phaitinní a ainmníonn Éire isteach ar Chlár na bPaitinní Éireannacha tar éis deonú a bheith foilsithe ag an EPO (Oifig na bPaitinní Eorpacha) agus tá an stádas dlíthiúil céanna acu agus a bheadh acu dá mba an Oifig a dheonaigh iad.

Sa bhliain a bhí dúshlánach ar fud na hEorpa ar fad, bheadh fás ar bith ar iarratais ar phaitinní suntasach, mar sin tá cuideachtaí ón bhFionlainn, ón Fhrainc agus ón Iodáil chun tosaigh anseo. Taispeánann iarratais ó chuideachtaí Éireannacha méadú measartha ar 2019 freisin. Thuairiscigh an EPO gur chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe i bhformhór na bpríomhghuilleagar Eorpach eile níos lú iarratas ar phaitinní Eorpacha, agus tháinig na laghduithe is suntasaí ón nGearmáin, ón Spáinn, ón Ríocht Aontaithe agus ón Ísiltír.

Forbairtí ar líon na n-iarratas Eorpach ar Phaitinní ó Éirinn ó 2015.

	2015	2016	2016/ 2015	2017	2017/ 2016	2018	2018/ 2017	2019	2019/ 2018	2020	2020/ 2019
Iarratais EP ó chuideachtaí atá lonnaithe Éireannacha ¹	614	727	18.4%	660	-9.2%	826	25.2%	882	6.8%	970	10.0%

Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2020 d'Éirinn.

1. Cuimsíonn iarratais ar phaitinní Eorpacha iarratais dhíreacha Eorpacha agus iarratais idirnáisiúnta (PCT) a tháinig isteach sa chéim Eorpach le linn na tréimhse tuairiscithe. Tagann bunús geografach iarratais le tír chónaithe an chéad iarratasóra atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais (prionsabal an iarratasóra chéadainmnithe).

I mo thuarascáil i 2019, thug mé faoi deara gur dócha go rachadh an phaindéim chun tairbhe do roinnt earnálacha ar nós cúram sláinte, teicneolaíocht leighis, eolaíochtaí beatha / cógaisíochta agus ríomhthráchtáil d'ainneoin a tionchar ar an ngeilleagar. Rinne Innéacs Paitinní an EPO do 2020 a foilsíodh i mí an Mhárta 2021 an tuairim sin a bhailíochtú agus luadh ann gur tháinig méadú ar líon na n-iarratas i dteicneolaíochtaí míochaine, cógaisíocht agus teicneolaíocht ríomhaireachta i mbliain nuair a tháinig laghdú ar iarratais ar Phaitinní Eorpacha i go leor réimsí teicniúla. Léirigh iarratais ar phaitinní Eorpacha ó chuideachtaí Éireannacha méadú sna hearnálacha seo freisin.

Na 5 réimse teicneolaíochta is fearr maidir le hiarratais ar Phaitinní Eorpacha ó chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn.

RÉIMSE TEICNEOLAÍOCHTA ¹	2019	2020	2020/2019
Teicneolaíocht mhíochaine	175	190	8.6%
Cógaisíocht	69	98	42.0%
Teicneolaíocht ríomhaireachta	97	97	0.0%
Innealra leictreach, gairis, fuinneamh	85	61	-28.2%
Biteicneolaíocht	41	39	-4.9%

Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2020 d'Éirinn.

1 Tá sainmhíniú na réimsí bunaithe ar chomhchordacht teicneolaíochta WIPO IPC. Tá an tábla ar fáil ag: http://www.wipo.int/export/sites/www/ipstats/en/statistics/patents/xls/ipc_technology.xls

San iomlán, tháinig méadú 10% ar iarratais ar phaitinní Eorpacha a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn in 2020 (2019/2018 + 6.8%). Ba ionann iomlán an 970 iarratas a chomhdaigh cuideachtaí i 2020 agus go bhfuil Éire rangaithe sa 10 ú áit i ndáil le hiarratais ar phaitinní Eorpacha in aghaidh an mhilliúin cónaitheoir.

Comhdú paitinní ó Chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn ag Oifig Paitinní Idirnáisiúnta roghnaithe

	2016	2017	2018	2019	2020
PCT ¹	441	489	628	640	759
EPO ²	727	660	826	878	970
SAM ³	1,408	1,487	1,612	1,118	n/a
RA ⁴	298	320	353	361	n/a

Foinsí: Bunachar Sonraí Staidrimh WIPO, Bunachar Sonraí Staidrimh EPO, Fíricí agus Figiúirí UKIPO & Tuarascálacha Feidhmíochta agus Cuntasachta USPTO Bl. Ar. 2019 agus 2020

1 iarratais PCT (Céim Idirnáisiúnta) a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn de réir dáta a gcomhdaithe.

2 Anailís bunaithe ar iarratais ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh san EPO.

3 Tagraíonn comhduithe do chomhduithe Paitinní Fónais ar a dtugtar paitinní d'aireagáin freisin.

4 Fíricí agus Figiúirí UKIPO Tábla 2.1b 2020 Níl figiúr na RA ar fáil go sealadach. Tá staitisticí comhdaithe bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadainmnithe. Féadfaidh na figiúirí comhdaithe stairiúla a léiríodh sna blianta roimhe seo a bheith éagsúil ó bhliain go chéile mar thoradh ar bhunachar sonraí a bheith á chur cithrom le dáta ag na húdaráis paitinne lena mbaineann.

Tháinig méadú 19% freisin ar iarratais PCT a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn i gcomparáid le líon na n-iarratas PCT in 2019, rud a thugann le tuiscint nach raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar iarratais idirnáisiúnta ó thionscail Éireannacha a mbaineann a lán Maoine Intleachtúla leo.

Trádmharcanna agus Dearaí

Bhí méadú seasmhach ag teacht ar líon na n-iarratas náisiúnta ar thrádmharcanna a comhdaíodh le blianta beaga anuas de bharr fáis leanúnaigh ar an ngeilleagar. Is iontach an rud é nár tháinig an tionchar diúltach ar iarratais ar thrádmharcanna náisiúnta a rabhthas ag súil leis de dheasca na paindéime in 2020 agus léirigh líon na n-iarratas a fuarthas méadú beag ar líon na bliana 2019 (ó 2,290 go 2,370).

Níorbh fhéidir iarratais ar dhearadh tionsclaíoch a fuair an Oifig a thuar agus tá siad ag athrú le blianta beaga anuas. Tháinig méadú 36% ar líon na gcomhdúchán dearaidh náisiúnta aonair (ó 182 in 2019 go 248 in 2020).

Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna)

Is rogha le roinnt iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar Thrádmharc an Aontais Eorpaigh (EUTM) seachas clárú sonrath Éireannach a fháil toisc go gcumhdaíonn an chosaint trádmhairc san AE agus clárú EUTM gach ceann de 28 tír an AE. D'ainneoin na paindéime, bhí comhdú iarratas EUTM ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn in 2020 ag dul ar aghaidh go láidir: tháinig méadú ar a líon ó 1,151 iarratas in 2019 go 1,315 iarratas in 2020. Tháinig méadú 40% freisin ar iarratais ar Dhearadh Pobail a chuir iarratasóirí cónaitheacha Éireannacha isteach i gcomparáid le 2019 (ó 435 go 611).

Iarratais EUTM agus RCD ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn

	2018	2019	2020
Iarratais EUTM	1,193	1,151	1,315
Clárúcháin EUTM	976	1,074	1,096
Iarratais RCD	435	435	611
Foilsíodh clárúcháin RCD	472	427	601

Foinse: Staitisticí EUIPO in EUTManna & Staitisticí Dearaí Pobail.

Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Córas idirnáisiúnta cláraithe trádmhairc is ea Prótacal Mhaidrid a thugann an deis d'úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha trí iarratas amháin a chomhdú. Cuireann córas Mhaidrid, atá á riaradh ag WIPO, réiteach cliste gnó ar fáil d'aon chuideachta atá ag iarraidh a trádmharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh den AE de ghnáth). Féadann an méid a úsáideann cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn táscaire úsáideach a thabhairt go bhfuil ar intinn acu briseadh isteach i margaí eachtracha agus margaí nua a chruthú do réimsí táirge atá ann cheana agus do réimsí táirge nua. Faoi láthair tá 106 ball ag córas Mhaidrid a chlúdaíonn 122 tír, arb ionann iad agus níos mó ná 80% de thrádáil an domhain. I measc na mballtíortha tá an tSín, Singeapór, an Bhrasaíl agus SAM, mar shampla.

Iarratais & Clárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí TM atá lonnaithe in Éirinn

	2018	2019	2020
Iarratais Mhaidrid arb í Éire tír an tsealbhóra (faoi dáta comhdaithe)	186	192	274
Líon na gClárúcháin Idirnáisiúnta arb í Éire tír an tsealbhóra	161	201	232
Ainmniúcháin i gclárúcháin inar Éire tír an tsealbhóra	1,134	1,986	2,113
Ainmniúcháin ina dhiaidh sin i gcás gurb í Éire tír an tsealbhóra	169	198	379

Foinse: Staitisticí IP WIPO (Staitisticí Córais Mhaidrid (wipo.int)

Chuir WIPO 232 clárúchán idirnáisiúnta ar taifead do shealbhóirí trádmharcanna a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn in 2020, suas 15% ar 2019. Cuimsíonn na clárúcháin seo 2,113 ainmniúchán comhaltaí Mhaidrid eile inar fhéach na sealbhóirí le cosaint a leathnú dá dtrádmharcanna. Ainmníodh 379 comhalta Mhaidrid breise san iomlán ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta atá ann cheana féin ó Éirinn, chun a raon cosanta bunaidh geografach a leathnú chuig ballstáit nó dlínsí Mhaidrid breise.

Táscairí eile

Rangaíonn Innéacs Nuálaíochta Domhanda WIPO (GII) geilleagair dhomhanda de réir a gcumas nuálaíochta. Cuimsíonn siad seo thart ar 80 táscaire, agus iad grúpáilte in ionchuir agus aschuir nuálaíochta. Tá Éire sa 15ú háit i measc na 131 geilleagair atá le feiceáil sa GII 2020. Tá Éire sa 14ú háit i measc 49 geilleagair na ngrúpaí ardioncaim agus sa 9ú háit i measc na 39 geilleagair san Eoraip. Taifeadaíodh san innéacs freisin go ndearna Éire níos fearr maidir le haschur nuálaíochta (rangaithe san 11ú ú háit) ná maidir le hionchuir nuálaíochta (rangaithe 20 ú háit) in 2020.

Le linn 2020, san Eoraip agus ar fud an domhain, thosaigh tionscail ag méadú na nuálaíochta mar fhreagairt do COVID-19 agus ba é seo tús le fás suntasach i réimsí na n-eolaíochtaí beatha agus na teicneolaíochta. Is cosúil go raibh an fás seo le feiceáil in Éirinn, áit ar dhírigh gníomhaíocht IP ar chuideachtaí sna heolaíochtaí beatha, teicneolaíochtaí sláinte/míochaine agus teicneolaíochtaí nuálacha bunaithe ar chumarsáid. De ghnáth, ba chuideachtaí onnmhairithe atá dírithe go mór ar IP iad seo.

In 2020 dhírigh go leor cuideachtaí Éireannacha freisin ar réitigh nuálacha a fhorbairt ar shaincheistanna a bhaineann le COVID-19 i réimsí mar rianú teagmhála, sábháilteacht taistealaithe, Medtech agus trédhearcacht sláinteachais. Tá Éire rangaithe mar cheann de na cúig mhol MedTech domhanda is fearr, agus bhí go leor cuideachtaí san earnáil sin in ann táirgeadh a mhéadú chun freastal ar éilimh mhéadaitheacha ar fud an domhain ar néalaitheoirí, aerálaithe agus trealamh cóireála agus cosanta eile. Thug tuarascáil ECFE a foilsíodh i mBealtaine 2020 le fios gur gnách go raibh onnmhairithe domhanda d'earraí a bhaineann le COVID-19 comhchruinnithe i roinnt tíortha, tíortha ECFE den chuid is mó, sa mhéid nach dtagann níos mó ná 86% d'onnmhairithe domhanda ach as 20 tír. Is iad an 5 onnmhaiseoir domhanda is fearr, arb ionann iad agus 49% den trádáil a bhaineann le COVID-19, an Ghearmáin, na Stáit Aontaithe, an Eilvéis, an tSín agus Éire. 1

Ag labhairt dó i mí na Nollag 2020 ag foilsiú na Tuarascála ar Tháscairí Maoine Intleachtúla Domhanda, dúirt Ard-Stiúrthóir WIPO, Darren Tang: “Chuir an paidéim dlús le treochtaí foirgnimh fhada trí ghlacadh teicneolaíochtaí nua a chothú agus digitiú an tsaoil laethúil a luasghéarú. Toisc go bhfuil IP fíor-cheangailte le teicneolaíocht, nuálaíocht agus digitiú, beidh IP níos tábhachtaí fós do líon níos mó tíortha sa domhan iar-COVID. “2 Tá nuálaíocht leanúnach i seirbhísí ríomhaireachta agus táirgí míochaine agus cógaisíochta tar éis buntáiste speisialtóireachta earnála a thabhairt d'Éirinn. Is dóigh go mbeidh tionchar ag feidhmíocht láidir leanúnach na limistéar onnmhairiúcháin seo ar chonair OTI na hÉireann i 2021 agus i ndiaidh na paidéime.



1. Freagraí Beartais ECFE do Choróinvíreas (COVID-19) Trade interdependencies in Covid-19 goods. 05 Bealtaine 2020
2. Tuarascáil ar Tháscairí Maoine Intleachtúla Domhanda: (wipo.int)

Breatimeacht

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach an 31 Eanáir 2020, agus rinne an Comhaontú Aistarraingthe foráil d'idirdréimhse go dtí deireadh 2020. Tar éis dian-idirbheartaíochta, chomhaontaigh an AE agus an Ríocht Aontaithe comhaontú caidrimh nua amach anseo a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021. Ón dáta sin, scoir rialacha agus rialacháin an AE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Maoín Intleachtúil (IP), d'fheidhm a bheith acu maidir leis an RA.

Trádmharcanna agus Dearaí an AE

Dá réir sin, ón 1 Eanáir 2021 ní bheidh éifeacht a thuilleadh ag trádmharcanna AE (EUTManna) agus Dearaí Pobail (cláraithe agus neamhchláraithe araon) sa RA. Mar sin féin, cruthóidh an RA trádmharc inchomparáide RA go huathoibríoch do gach EUTM cláraithe, gan aon táille. Beidh an rud céanna i bhfeidhm maidir le Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna). Tabharfar tréimhse naoi mí do ghnólachtaí, eagraíochtaí nó daoine aonair a bhfuil iarratais ar feitheamh acu ar EUTM nó RCD an 31 Nollaig 2020 chun iarratas a dhéanamh ar na cosaintí céanna sa RA agus ceadófar dóibh dáta an iarratais AE a choinneáil.

Paitinní agus Deimhnithe Cosanta Forlíontacha

Leanfaidh paitinní a bheag nó a mhór mar a rinneadh cheana - leanfaidh Oifig Maoine Intleachtúla na RA (UKIPO) agus Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO) ag deonú paitinní a chlúdaíonn an RA. Ní bheidh aon tionchar ar phaitinní Eorpacha den chuid is mó. Mar sin féin, bhí tionchar ag an mBreatimeacht ar thabhairt isteach an Phaitinn Aonadach aonair (UP) uile-AE a chlúdaíonn an chuid is mó den AE agus ar chruthú Chúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC) chun díospóidí paitinne a éisteacht agus a chinneadh ar bhonn an AE ar fad. Dhaingnigh an RA an Comhaontú UPC in Aibreán 2018 ach go luath i 2020 dhearbhaigh sí nach bhféachfadh sí le bheith páirteach sa chóras agus tharraing sí siar ón UPC agus ó na comhaontuithe UP.

Níor fógraíodh aon athruithe tábhachtacha ar chóras Deimhniú Cosanta Forlíontach (SPC) na RA. Mar sin féin, ní bheidh léirmhíniú reachtaíocht SPC na RA faoi réir chinntí an CJEU a thuilleadh. Cinntíonn an Comhaontú Aistarraingthe go ndéanfar iarratais ar SPCanna sa RA atá ar feitheamh ag deireadh na hidirthréimhse a scrúdú faoin gcreat reatha. Maidir le hiarratais nua SPC na RA a comhdaíodh ón 1 Eanáir 2021, áfach, beidh ar iarratasóirí, díreach mar a bhí faoi chóras an AE, paitinn RA a dheonaigh an EPO nó an UKIPO, agus údarú margaíochta (MA) atá bailí sa RA. Tiocfaidh MAanna na RA i dtrí chineál éagsúla a mbeidh scóip chríche éagsúla acu ar fud na RA. Tá an chastacht seo ann de bharr Phrótaicail Thuaisceart Éireann leis an gcomhaontú Aistarraingthe lena ndéantar foráil maidir le hailíniú leanúnach Thuaisceart Éireann leis an AE maidir le táirgí míochaine tar éis Breatimeachta. Ciallaíonn sé seo go mbeidh trí chineál MA i bhfeidhm sa RA:

- MAanna do Thuaisceart Éireann (TÉ) arna ndeonú mar chuid de nós imeachta láraithe na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA),
- MAanna GB atá bailí sa Bhreatain Mhór amháin (is é sin, Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag), arna ndeonú ag Gníomhaireacht Rialála Cógais agus Táirgí Cúraim Sláinte na RA (MHRA),
- agus MAanna na RA atá bailí ar fud na RA ar fad (m.sh., MAanna atá ina n-údaruithe EMA atá ann cheana agus a aithnítear go bhfuil siad bailí go hiomlán sa RA).

Aturnaetha Paitinne agus Trádmharcanna

Beidh tionchar ag Breatimeacht ar aturnaetha paitinne agus trádmhairc atá bunaithe sa RA ar chlár Éireannacha na nGníomhairí Paitinne agus Trádmharcanna chomh maith leis na haturnaetha sin atá lonnaithe sa RA agus a sholáthraíonn seirbhísí gníomhaire paitinne agus trádmhairc ar bhonn trasteorann. Ón 1 Eanáir 2021 scoirfidh gníomhairí na RA ar chlár Éireannacha nach gcónaíonn i Stát LEE nó a bhfuil áit ghnó acu i stát LEE de bheith ag comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta le bheith i dteideal gníomhú os comhair an Rialaitheora. Ina theannta sin, tar éis Breatimeachta, measfaidh an EUIPO gur ó thríú tír gníomhairí na RA agus dá bhrí sin, caillfidh aon ghníomhaire nach gníomhaire de chuid LEE é agus atá bunaithe sa RA agus cláraithe ar na clár Éireannacha, a chearta ionadaíochta os comhair an EUIPO.

Bhí cainteanna ar siúl idir an IPOI agus ionadaithe an Bhoird um Rialáil Maoine Intleachtúla (IPReg) arb é an comhlacht rialála neamhspleách do ghairmithe Atur na bPaitinní agus Atur na Trádmharcanna sa RA agus ionadaithe ó Bhord Scrúdaithe Paitinní na RA (PEB). Ba í an aidhm ná aitheantas leanúnach a dhearbhu do cháilíochtaí atur na paitinne agus trádmhairc ghairmiúla a fuarthas sa Ríocht Aontaithe tar éis Breatimeachta uair a thiocthadh an RA chun bheith ina tríú tír chun críocha Threorach 2005/36/CE maidir le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla.

Seoladh RA le haghaidh seirbhíse

Beidh ar iarratasóirí ar phaitinní, trádmharcanna agus dearáí nua Éireannacha a d'fhéadfadh seoladh RA a sholáthar le haghaidh seirbhíse seoladh a sholáthar le haghaidh seirbhíse laistigh den LEE. Chomh maith leis sin, maidir le hiarratais atá ar feitheamh an 1 Eanáir 2021, ní féidir leis an Rialaitheoir comhfhreagras a dhéanamh le gníomhaire nó seoladh le haghaidh seirbhíse laistigh den RA. Ceadófar roinnt solúbthachta, áfach, chun éascaíocht a dhéanamh do shealbhóirí cearta aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Mar ullmhúchán do na hathruithe seo thug an Oifig faoi fheachtas chun feasacht a mhúscailt faoi impleachtaí Breatimeachta. Cuireadh an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil ar shuíomh Gréasáin IPOI.

An t-Irisleabhar Oifigiúil

Foilsítear an t-irisleabhar gach coicís ar an suíomh Gréasáin. Is i ngach eagrán den irisleabhar a bhíonn innéacs inchuadaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí agus faoi chlárúcháin. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach irisleabhar faoi thrádmharcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san irisleabhar freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san irisleabhar chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Cuireadh saoráid idirghníomhach leis an irisleabhar. Mar gheall ar an tsaoráid sin, tá úsáideoirí in ann an sliocht d'aon phaitinn, d'aon trádmharc nó d'aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain laistigh den irisleabhar anois trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den irisleabhar.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhoibrithe lena comhghleacaithe idirnáisiúnta, an EUIPO agus an EPO ar roinnt tionscadal, chun comhchuibhiú a chur chun cinn ar fud na n-oifigí IP náisiúnta, agus chun rudaí a dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádhmhaire agus dearaidh.



EUIPO

Bhí an tsraith Tionscadal Comhoibrithe a seoladh de réir chuspóirí Phlean Straitéiseach EUIPO 2020, agus ar éirigh le hOifig na hÉireann cur leo, críochnaithe den chuid is mó faoi Mheitheamh 2020. Sheol EUIPO Plean Straitéiseach nua, is é sin, Plean Straitéiseach 2025, i mí Mheán Fómhair. Tá gné ann a bhaineann le comhoibriú leis na hOifigí Náisiúnta agus a éascaíonn comhaontú comhoibrithe nua idir EUIPO agus IPOI.

Ba léir buntáistí an chomhoibrithe seo le linn na paindéime COVID-19. Bhí an Oifig in ann leanúint ar aghaidh ag seachadadh réimse iomlán ríomhsheirbhísí d'iarratasóirí le cúnamh ó uirlisí a forbraíodh agus a úsáideadh le cúnamh EUIPO. Lean an Oifig uirthi ag fáil tacaíochta ón EUIPO chun a príomhuirlisí TMview agus Design View a chothabháil. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith costas réimse imeachtaí chun feachtas a mhúscailt inar scaipeadh faisnéis faoi na Córais um Thrádmharcanna Pobail agus Dearadh Pobail.

Lena chois sin éascaíonn an comhaontú comhoibrithe leis an EUIPO cóineasú cleachtais idir an EUIPO agus na hOifigí Náisiúnta. Is é an príomhchuspóir teacht ar chomhthuiscint i réimsí ina bhfuil cleachtais éagsúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé seo an obair atá á déanamh chun uirlisí TF comhchoiteanna a chruthú faoin gCiste Comhoibrithe. Ghlac foireann na hOifige páirt ghníomhach arís i nGrúpaí Oibre éagsúla a bunaíodh chun tacú le cóineasú an chleachtais a bhaint amach.

Ghlac an Oifig páirt freisin i roinnt láithreoireachtaí chuig Seimineár gréasáin ar chomhpháirtíocht an AE leis an Afraic ar Chearta Maoine Intleachtúla i mí na Samhna 2020 agus chuig Comhdháil ar Mhaoine Intleachtúil a d'eagraigh EUIPO agus a gcomhpháirtithe in Oifigí IP na hAfraice i mí na Nollag 2020.



WIPO

Lean an Oifig uirthi ag comhlíonadh a gealltanais i réimse na cosanta maoine intleachtúla a tháinig chun cinn mar thoradh ar bhallraíocht na hÉireann i WIPO agus na conarthaí iltaobhacha éagsúla a riarann sí agus a bhfuil Éire ina stát conarthach ina leith.

Is conradh amháin den sórt sin é an Conradh um Chomhar Paitinní (PCT) agus úsáideann iarratasóirí é chun iarratas ar phaitinn amháin a chomhdú d'fhonn cosaint paitinne a fháil d'aireagán i líon mór tíortha. Ligeann an PCT do Stát atá ina pháirtí i gcóras réigiúnach paitinne dhá chineál ainmniúcháin, is é sin, náisiúnta agus réigiúnach. Toisc go bhfuil Éire ina páirtí i gCoinbhinsiún Eorpach na bPaitinní (EPC), is í Oifig na bPaitinní Eorpacha (EPO) an Oifig réigiúnach lena mbaineann agus go dtí 2020 níorbh fhéidir ainmniúchán náisiúnta Éireannach a dhéanamh. In 2019 d'fhoráil leasuithe ar Acht na bPaitinní 1992, go " measfar iarratas idirnáisiúnta ar phaitinn a ainmníonn an Stát mar iarratas ar phaitinn Eorpach a ainmníonn an stát agus go mbeifear, faoi réir alt 127A, in ann déileáil leis mar iarratas ar phaitinn faoi Chuid II freisin. " Tugann na forálacha seo níos mó solúbthachta d'iarratasóirí PCT maidir le cinneadh a dhéanamh cosaint paitinne a fháil in Éirinn i gcúinsí nach bhféadfadh ciall eacnamaíoch nó ghnó a bheith le leanúint le cosaint paitinne idirnáisiúnta nó Eorpach níos leithne. Tháinig an leasú i bhfeidhm i mí na Nollag 2019 agus chuir aturnaetha paitinne na hÉireann fáilte mhór roimhe. Fuarthas iarratas amháin a bhain úsáid as foráil Alt 127A in 2019 agus dhá iarratas in 2020.



EPO

Bhí ionadaithe na hOifige bainteach le gníomhaíochtaí chomhlachtaí Eagraíocht Paitinní na hEorpa. Mar chruinniú fíorúil a tionóladh beagnach gach cruinniú in 2020 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Ghlac baill foirne ón Oifig páirt i gcrúinnithe den Chomhairle Riaracháin, den Choiste Buiséid agus Airgeadais, den Choiste um Chomhar agus Tacaíocht Theicniúil agus de Choiste Dlí na bPaitinní. D'fhreastail mé ar 5 chruinniú de Bhord na Comhairle Riaracháin agus sular tháinig deireadh le mo théarma mar Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Buiséid agus Airgeadais, ba mhór an onóir dom a bheith mar Chathaoirleach ar an 125 ú cruinniú den Choiste Buiséid agus Airgeadais.

In 2020, reáchtáil Boird Achomhairc an EPO imeachtaí ó bhéal i ndá fhormáid éagsúla, is é sin, leis na páirtithe a fhreastalaíonn go pearsanta nó trí fhíschomhdháil. Mar fhreagairt don phaindéim, áfach, ó Bhealtaine 2020 go dtí Eanáir 2021, reáchtáladh imeachtaí ó bhéal trí fhíschomhdháil i mbreis agus 260 cás achomhairc. Ar dtús, bhí siad ar siúl trí fhíschomhdháil amháin má bhí na páirtithe uile sna himeachtaí sásta leis. Chuir sé seo ar chumas na bpáirtithe agus chomhaltaí an Bhoird dul i dtaithí ar imeachtaí ó bhéal a reáchtáil san fhormáid nua. Mar gheall ar fhíschomhdháil a úsáid in imeachtaí achomhairc ba ghá leasú a thabhairt isteach ar Rialacha Nós Imeachta na mBord Achomhairc a rinne foráil go bhféadfaidh Bord a chinneadh imeachtaí ó bhéal a reáchtáil de bhun Airteagal 116 EPC trí fhíschomhdháil má mheasann an Bord gur iomchuí é a dhéanamh, ar iarratas ó pháirtí nó trína fhorarratas féin. Déanfar athbhreithniú ar an bhforáil nua roimh dheireadh 2022.

Tá cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach 2023 an EPO ag leanúint ar aghaidh agus táthar ag súil go mbeidh comhaontuithe comhoibrithe déthaobhacha nua le hoifigí náisiúnta na mBallstát i bhfeidhm faoi ráithe 3 de 2021. De bharr an Phlean Straitéisigh bhíothas in ann freisin tús a chur leis an obair ar chóineasú cleachtais áirithe de chuid an EPO agus Oifigí Náisiúnta na mBallstát. Mar thoradh air seo thángthas ar chomhaontú maidir le comhchleachtais a bhaineann le haontacht an aireagáin agus le hainmniú aireagóra. Ní raibh gá le hathrú ar dhlí paitinne na hÉireann mar gheall ar cheachtar díobh.

Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Soláthraíonn an suíomh Gréasáin a ndearnadh athchóiriú iomlán air in 2019 i dteannta le hathainmniú na hOifige réamheolas ginearálta ar mhaoín intleachtúil agus faisnéis shonrach faoi conas do chuid smaointe a chosaint. Tá mír ar IP le haghaidh gnó san áireamh freisin. Mar gheall ar shrianta a bhaineann leis an bpaindéim a fhorchur in 2020 agus toisc nach taibh an Oifig in ann cuairteanna pearsanta ar an Oifig nó gníomhaíochtaí for-rochtana a éascú dá dheasca, tháinig suíomh gréasáin IPOI agus leathanach Facebook chun bheith rí-tábhachtach chun faisnéis thábhachtach a thabhairt don phobal maidir le seirbhísí an IPOI. Lean an suíomh gréasáin ag tabhairt rochtana ar réimse éifeachtúil sheirbhísí idirghníomhacha cuardaigh agus íocaíochta táillí ar líne 24/7. I measc na seirbhísí ar líne tá íocaíochtaí táillí ar líne, ríomhchomhú iarratais trádhaire agus dearaidh, féachaint ar phaitinní agus cuardach paitinní, trádhaire agus cláir dhearaidh agus bunachar sonraí; cláir na gcomhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt agus cláir ghníomhairí paitinne agus trádhaire. Cuimsíonn an t-ábhar a foilsíodh ar an suíomh gréasáin tuarascálacha bliantúla na bliana roimhe sin, réimse leabhráin faisnéise IP, ráiteas straitéise reatha agus plean gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí na hOifige agus gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna na hOifige.

Bhí líon na gcuariteanna ar an suíomh gréasáin láidir i gcónaí mar tugadh breis is 224,593 cuairt in 2020. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, is iad na leathanaigh cuardaigh idirghníomhaigh ar líne i gcónaí na leathanaigh is mó a raibh éilimh orthu le timpeall 228,000 cuairt in 2020.

Le linn 2020, cuireadh tús le hobair ar ábhar an tsuímh ghréasáin a aistriú go Gaeilge. Críochnófar an obair seo i 2021.


The image shows two versions of the Intellectual Property Office of Ireland (IPOI) website. The top version is in English, featuring a dark blue header with the IPOI logo and navigation links: 'Gaeilge', 'News & Events', and 'About Us'. Below the header is a horizontal menu with links: 'Understanding IP', 'Types of IP', 'IP Search Tools', 'Commercialise Your IP', 'Manage IP', and 'Law & Practice'. The main content area is titled 'Turning ideas into assets' and includes a sub-header: 'The Intellectual Property Office of Ireland is the official Irish government body responsible for intellectual property (IP) rights including patents, designs, trade marks and copyright.' Below this are four icons representing different IP rights: Patents, Trade Marks, Designs, and Copyright, each with a brief description. The bottom version of the website is in Irish, with a similar layout. The header includes 'English', 'Nuacht agus Imeachtaí', and 'Maidir Linn'. The horizontal menu links are: 'Maoín intleachtúil a thuiscint', 'Cineál maoine intleachtúla', 'Uirlisí Cuardaigh Maoine Intleachtúla', 'Déan do Mhaoín Intleachtúil a Thráchtáil', 'Maoín Intleachtúil a Bhainistiú', and 'Dlí agus Cleachtas'. The main content area is titled 'Sócmhainní a dhéanamh de smaointe' and includes a sub-header: 'Is é Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann comhlacht rialtais oifigiúil na hÉireann atá freagrach as cearta um maoín intleachtúil lena n-áirítear paitinní, dearáí, trádhaire agus cóipcheart.' Below this are four icons representing different IP rights: Paitinní, Trádhaire, Dearáí, and Cóipcheart, each with a brief description in Irish.

Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí

Tá Ráiteas Dualgais um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí agus foirne ar fáil dóibh a chosaint agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla. Ceanglaítear le hAcht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhmeanna, a chuspóir, a mhéid agus a acmhainní atá ar fáil dó, tuairisciú inter alia ar fhorbairtí agus ar éachtaí i gcomhlíonadh na hoibleagáide reachtúla seo ina thuarascáil bhliantúil.


Geallann an IPOI a chinntiú go bhfuil cultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas i measc na foirne agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh. Cinntíonn an IPOI nach bhfulaingíonn aon bhall den phobal ná aon pháirtí leasmhar eile idirdhealú in idirghníomhaíochtaí leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta ina chuid oibre ó lá go lá agus go háirithe agus é ag plé le páirtithe leasmhara: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún agus ballraíocht i measc an Lucht Taistil. Leathnaíonn an IPOI an chóir chéanna cóireála dá fhoireann. I measc na meicníochtaí a úsáideann an IPOI chun a dhualgas san earnáil poiblí a chomhlíonadh tá:

- Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar na ceanglais maidir le comhionannas rochtana mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005.
- An dualgas a chumhdach i bPlean Seirbhíse do Chustaiméirí na hOifige le hionchur ó úsáideoirí seirbhíse agus ó gheallsealbhóirí.
- An beartas um dhínit na Státseirbhíse ag an obair, frithbhulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach d'fhostaithe IPOI a chur i bhfeidhm.



Gach duine ag obair ón mbaile!

Eagrú Pearsanra



Foireann	Posts
Ceannasaí	1
Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne	1
Príomhoifigeach Cúnta	1
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	5
Scrúdaitheoir Paitinne	3
Oifigeach Feidhmiúcháin	20
Oifigeach Cléireachais	15
Oifigeach Seirbhísí	1
Iomlán	47


Is é Gerard Barrett, Rialaitheoir Maoine Intleachtúla, atá i gceannas ar an IPOI. Is é an tUasal Dermot Doyle Ceann na Rannóige Trádmharcanna agus is é an Dr Michael Lydon Ceann ar Scrúdú Paitinní.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí na 47 post líonta ag 43.38 coibhéis lánaimseartha. Ina theannta sin, bhí 14 ball foirne buana - 3 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 6 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 5 Oifigeach Cléireachais ag baint leasa as scéim roinnte oibre. Soláthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig. Tá 4 bhall d'Aonad TF na Roinne lonnaithe san Oifig.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá ról lárnach ag foireann na hOifige maidir le déanamh de réir Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh an Rialtais. Tá sé mar sprioc ag an bplean ídiú fuinnimh a laghdú, feachtas foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealamh téimh/aerchóirithe. Rinneadh coigilteas suntasach mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh ó 2008, tráth a chuaigh an Oifig isteach san fheachtas Cumhacht ag an Obair@a Bharrfheabhsú den chéad uair. Is tionscnamh tras-Roinne é seo atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sé mar aidhm aige iompar foirne a athrú i leith úsáid fuinnimh agus deireadh a chur le cur amú fuinnimh in oifigí poiblí. Ceaptar Comhairleoir Fuinnimh ar gach foirgneamh rannpháirteach agus leagann sé/sí spriocanna coigiltis fuinnimh amach. Cuireann an Comhairleoir Fuinnimh comhairle ar an bhfoireann freisin maidir le conas is féidir coigilteas fuinnimh a bhaint amach, trí bhearta ar chostas íseal nó gan aon chostas orthu. I measc na mbearta bhí coigilteas cumhachta suanaíochta a cuireadh ar bun i ngach ríomhaire, ag athrú gach soilsiú gan ghá agus an teocht ar théamh a laghdú.

Ó mhí Feabhra 2019, chuir an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta (DETE) an Clár Oibre Glas mar théama leis agus bhunaigh sí Foireann Ghlas chun feachtas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus a spreagadh faoi cheithre cholún: fuinneamh, caomhnú uisce, bainistíocht dramhaíola agus éiceolaíocht (Plandaí/Bithéagsúlacht mar aitheantas ar an mbloc oibre tábhachtach seo atá ag fás. Tá ball foirne ón IPOI ina bhall d'Fhoireann Glas DETE. In 2020, bhí coigilteas fuinnimh iomlán 37% ag an Oifig maidir le leictreachas agus gás. Tharla sé seo go príomha de bharr coigilteais shuntasaigh ar leictreachas mar gheall ar shoilsiú nua LED agus an laghdú ar líon na foirne ar an láthair. Tar éis coirí gáis nua a shuiteáil go déanach i 2020, táthar ag súil go laghdóidh sé seo ár n-ídiú fuinnimh tuilleadh agus tá súil le sábháil shuntasach i 2021. Bhí laghdú 49% ar astaíochtaí carbóin, rud atá atá ina ábhar misnigh toisc go mbeifear ag díriú níos mó ar an réimse seo amach anseo.



Staidreamh Gnó – Paitinní


IARRATAIS FAIGHTE			BLIAIN	PAITINNÍ DEONTA		
Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN		Ar Théarma Iomlán	Ar Ghearr-théarma	IOMLÁN
108	533	641	2018	52	35	87
93	124	217	2019	48	83	131
129	163	292	2020	42	73	115

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí 544 iarratas san iomlán ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 125 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht. Fuarthas 195 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i 2020 i gcomparáid le 167 i 2019.

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha


Fuarthas 62 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 72 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 18 iarratas agus tarraingíodh siar 24 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí xxx iarratas ar feitheamh.

Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní agus Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta 2018-2020



Staidreamh Gnó – Paitinní


Níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thuas ach seo thíos na figiúirí fana gcoinne. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní.



Rinneadh 180,207 iarratas Paitinne Eorpach a ainmnigh Éire in 2019 (73,421 iarratas Euro-díreach agus 106,786 iarratas ar Chonradh um Chomhar Paitinne ag teacht isteach sa chéim réigiúnach). Ba é 180,250 líon iomlán na n-iarratas Eorpach ar Phaitinní in 2020. I gcás gach stáit chonarthaigh de chuid an Choinbhinsiúin um an bPaitinn Eorpach is iondúil gurb ionann líon na n-ainmniúchán in iarratais agus beagnach 100% d'iomlán na n-iarratas ós rud é go n-ainmnítear gach tír go huathoibríoch ar dtús.

Bronnadh 132,616 Paitinn Eorpach in 2020 ina raibh Éire ainmnithe.

Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn 1992-2020



Staidreamh Gnó Paitinní

Paitinní a deonadh i 2020 a raibh feidhm leo sa Stát

2020	Iomlán	Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de nan paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag m'Oifig-se	115	57	50%
Deonta ag an OPE	132,616	584	0.44%
Iomlán Deonta	132,731	641	0.48

Paitinní

	2018	2019	2020
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta	914	1,186	1,830
Paitinní tugtha suas	1	0	0
Paitinní tite ar lár	94,503	109,177	133,313
Paitinní curtha ar ais	12	6	15
Paitinní athnuaite	51,463	55,526	58,163
Paitinní éagtha	1,258	1,417	1,508
Paitinní agus DCF i bhfeidhm	197,468	222,233	217,730
Éisteachtaí	1	1	4
Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig EDMI	16	16	8
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig OPE	0	0	0

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh 2020, bhí 76 duine aonair agus 8 gcomhpháirtíocht ar Chlár na nGníomhairí Paitinne.

Mar thoradh ar na srianta paindéime a forchuireadh i mí an Mhárta agus na dianghlasálacha i ndiaidh a chéile i rith 2020 níor mhór an scrúdú bliantúil i nDlí agus i gCleachtas na bPaitinní a bhí sceidealta do mhí Aibreáin a chur siar. Le comhaontú Bhord Chlár na nGníomhairí Paitinne, tá socruithe á ndéanamh chun an scrúdú a réachtáil i mBealtaine 2021 mar ríomhscrúdú ar líne.

Aicmiú Ar Na Paitinní A Dheonaigh Sa Bhliain 2020


Dar Leis An Aicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (Aip)

AICMIÚ	An Líon deonuithe san Aicmiú*
A. RIACHTANAIS DAONNA m.sh. Ábhair bia, Sláinte, Níthe Pearsanta	63
B. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTAÍ; IOMPAR: m.sh. Teicneolaíocht múnlaíthe, priontála, feithicle	54
C. CEIMIC; MIOTALÓIREACHT	3
D. TEICSTÍLÍ; PÁIPÉAR	4
E. TÓGÁIL SHEASTA: m.sh. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht	21
F. INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL; SOILSIÚ; TÉAMH, ARMÁIN; PLÉASCADH	29
G. FISIC: m.sh. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach	28
H. LEICTREACHAS: m.sh. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais	29

*Nóta ar Aicmiú Paitinne

Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadáíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. Tugtar cód aicmithe ar gach ní airgtheach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorhaol eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasar nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní i 2019. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.

Aicimthe de Réir Choidanna IPC do Phaitinní Deonaithe in 2020



Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna

Iarratais Náisiúnta				
Bliain	Iarratais a Fuarthas	Fograithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí Cláraithe
2018	2,697	2,111	61	1,713
2019	2,290	2,019	74	1,759
2020	2,370	1,860	30	1,760


Clárúcháin Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire				
Bliain	Iarratais a Fuarthas	Fograithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí Cláraithe
2018	1,159	870	5	844
2019	1,227	1,178	15	1,116
2020	1,059	990	5	1039

Clár na nGníomhairí Trádmharcanna

Ag deireadh 2020, bhí 236 duine aonair agus 9 gcomhpháirtíocht ar an gClár.

Mar thoradh ar na srianta paindéime a forchuireadh i mí an Mhárta agus na dianghlasálacha i ndiaidh a chéile i rith 2020 níor mhór an scrúdú bliantúil i nDlí agus i gCleachtas na bPaitinní a bhí sceidealta do mhí Aibreáin a chur siar. Le comhaontú Bhord Chlár na nGníomhairí Trádmharcanna tá socruithe á ndéanamh chun an scrúdú a reáchtáil i mBealtaine 2021 mar ríomhscrúdú ar líne.

Iarratais Náisiúnta arTrádmharcanna 2018-2020



Aicmiú Idirnáisiúnta ar Earraí Agus ar Sheirbhísí ina Gcuirtear na Marcanna Cláraíodh In 2020


Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear “Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannnteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (11ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	55	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	23
2	Péinteanna, srl.	23	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	142
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	137	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	12
4	Oláí Tionsclaíochta, srl.	47	27	Cairpéid, srl.	10
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	188	28	Cluichí, srl.	68
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	50	29	Feoil, lasc, Éineoil agus Géim, srl.	159
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	36	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	201
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl.	19	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	81
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	283	32	Beoir, srl.	96
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	46	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	137
11	Fearas Soilsithe	57	34	Tobac, srl.	41
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	33	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	336
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	0	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	151
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	36	37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, I Seirbhísí suiteála.	81
15	Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	4	38	Teileachumarsáidí	63
16	Páipéar, srl.	169	39	Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	110
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	23	40	Cóiriú Ábhar	54
18	Leathar, srl.	45	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	340
19	Ábhair Thógála, srl.	44	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	205
20	Troscán, Srl.	43	43	Soláthar bia agus dí	112
21	Acraí Beaga Tí, srl.	82	44	Seirbhísí míochaine, srl.	137
22	Rópaí, srl.	6	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	90
23	Snáitheanna	0			

Staidreamh Gnó - Trád Mharcanna

	2018	2019	2020
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	966	1,072	1,103
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	21	10	43
Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	4,165	4,139	3,504
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	10	5	1
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	15	6	7
Clárúcháin trádmharc athnuaithe	5,517	5088	4,319
Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	4	6	3
Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	5	2
Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí	1	2	1
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	55,727	53,417	51,655
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	20,221	20,424	20,815
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	75,948	73,841	72,470

Éisteachtaí agus Ilnithe	2018	2019	2020
Éisteachtaí (ex-parte)	10	7	10
Éisteachtaí (inter-partes)	8	5	3
Eisteachtai (inter-partes ar mhodh aighneacht i scríbhínn)	11	17	12
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	16	35	31
Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tion-scnaimh comhadaithe atá curtha chuig EDMI	74	70	91




Staidreamh Gnó - Dearaí

	2018	2019	2020
Iarratais ar Dhearaí	82	79	67
Líon na ndearaí iarrtha*	555	182	248
Dearaí cláraithe	588	152	234
Dearaí tite ar lár	236	140	89
Dearaí athnuaithe	63	53	105
Dearaí I bhfeidhm	1,630	1,545	1,641

*Nóta- Déarann Riall 19 de Rialacháin um Dhearadh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur feidir 2 dhearadh nó níos mó faoi réir ad uaslíon de 100 dearadh a bheith comhcheangalite in aon iarratas amháin ar clárú dearaí.

Iarratais Naisiúnta ar Dhearaí 2018-2020



Dearaí a Cláraíodh faoi Acht Dearadh Tionsclaíoch 2001 I gcaitheamh na Bliana 2020

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearaí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (12ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

Rang	Aicmiúchán	Dearaí Cláraithe*
1	Ábhair Bia	4
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	49
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	4
4	Earraí scuaibe	0
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	0
6	Feistis	2
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	1
8	Uirlisí agus Crua-earraí	3
9	Pacáistí agus Gabhdáin d'Iompar nó do Láimhseáil Earraí	1
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	2
11	Earraí Maisiúcháin	133
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	2
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	1
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	1
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	0
17	Uirlisí Ceoil	0
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanáireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	1
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	1
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	10
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	0
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	0
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	1
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	7
26	Fearas Soilsithe	1
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaisíochta agus Cosmaíde, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	1
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	4
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	3
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúcháin Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	3
	iomlán	235

* Is feidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe

Comhbhainistíocht Ceart

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasuódh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016. Tá dhá aidhm ag an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar line.

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 8 cinn de na 13 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláráithe atá ag feidhmiú sa Stát.

Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2020, níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

Sa bhliain 2020 cláraíodh dhá chomhlacht déag i gClár na gComhlachtaí Ceadúnú Cóipchirt, cláraíodh comhlacht amháin i gClár na gComhlachtaí um Chearta Maoine Lucht Taispeána agus ní ndearnadh aon iontráil i gClár na gComhlachtaí um Chearta Bunachair Sonraí. Is féidir féachaint ar na Cláir ag:

<https://www.ipoi.gov.ie/en/types-of-ip/copyright1/copyright-licensing-bodies/register-of-copyright-licensing-bodies/> .

Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreacht scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreacha sin a dhigitiú chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachar Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláraithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Cláraíodh sé eagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na bliain 2020.

An Bosca Forbatha Eolais

Bunaíonn an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017) (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le frontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagáin i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide. Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoín intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F. Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamh-soiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

Tuarascáil KDB

Ceanglaítear le halt 18 den Acht KDB orm faisnéis staidrimh a chur san áireamh maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a tarraingíodh siar nó a diúltaíodh, líon na ndeimhnithe a eisíodh agus faisnéis faoi líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithnithe sa tuarascáil don Aire, a rinneadh de réir Alt 103(1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí faoi aireagán is ábhar d'iarratas. In 2020, fuair mé iarratas bailí amháin ar Dheimhniú KDB a tarraingíodh siar agus a cuireadh isteach arís i 2021.



Reachtaíocht

Ceanglaítear le halt 103(1)(b) d'Acht na bPaitinní 1992 ar an Rialaitheoir sonraí faoin reachtaíocht uile a rinneadh in 2020 a bhfuil an Rialaitheoir freagrach as a riarachán a chur san áireamh.

- **Ordú Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara (Deimhniú na Scéime Ceadúnaithe do Bhunscoileanna) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta) 2020 (IR Uimh. 275 de 2020)**
- **Ordú Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara (Deimhniú na Scéime Ceadúnaithe d'Iar-bhunscoileanna) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta) 2020 (IR Uimh. 276 de 2020)**
- **Ordú Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara (Deimhniú na Scéime Ceadúnaithe d'Institiúidí Ardoideachais) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta) 2020 (IR Uimh. 277 de 2020)**
- **Ordú Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara (Deimhniú na Scéime Ceadúnaithe do Sholáthraithe Breisoideachais) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta) 2020 (IR Uimh. 278 de 2020)**


Foráiltear leis na hOrduithe thuas, arna ndeimhniú ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun alt 173 den Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000 (CRRA), do scéimeanna nua ceadúnaithe cóipchirt do na hearnálacha Bunscoile, Iar-bhunscoile, Ardoideachais agus Breisoideachais. Bhí na scéimeanna ceadúnaithe nua riachtanach mar thoradh ar athruithe a tugadh isteach in Alt 15 den Acht um Fhorálacha Dlí Cóipchirt agus Maoine Intleachtúla Eile 2019, lena leasaítear Ailt 57, 57A agus 57B den Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000. Cuireann na scéimeanna ceadúnaithe ar chumas forais oideachais úsáid a bhaint as saothair atá faoi chosaint cóipchirt chun críocha oideachais. Is í Gníomhaireacht Ceadúnaithe Cóipchirt na hÉireann Teoranta a oibríonn na scéimeanna ceadúnaithe agus tá feidhm leo ón mbliain acadúil 2020/21 ar aghaidh.



Faisnéis Airgeadais


B'ionann glanfháltais ar fad a fabhraíodh don Stáitchiste in 2020 agus €9.84 laghdú de €40,000 nó 0.4% ar fhigiúr 2019 de €9.88m. Tagann an cion is mó d'ioncam táille na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. In 2020, fuair an Oifig glanmhéid €7.03m de tháillí athnuachana i leith Phaitinní Eorpacha deonaithe a ainmníonn Éire. Ba méadú 3.8% (€0.264m) é ar líon na bliana 2019. B'ionann an glanioncam iomlán as táillí athnuachana paitinne Eorpacha agus Náisiúnta agus €7.53m in 2020 agus leanann sé ag méadú gach bliain. Tá méadú 22% tagtha ar ghlanlíon na bliana 2020 thar líon comhfhreagrach na bliana 2016.

Táillí Paitinne glan fabhraithe don Stáitchiste



Léirigh an t-ioncam comhcheangailte ó tháillí paitinne, dearaidh agus trádmailrc (lena n-áirítear táillí trádmailrc idirnáisiúnta) arb ionann agus €10.032m laghdú beag €0.002m ar fhigiúr 2019 arb é €10.034m. B'ionann glanchostais na hOifige i gcomhair 2020 agus €3.50m, arb ionann é agus laghdú €0.07m ar an bhfigiúr comhfhreagrach 2019 arb é €3.57m. Is féidir an laghdú ar chostais a chur i leith tionchar na paidéime ar fud an domhain a chuir cosc ar thionscadail agus ghníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh agus i leith laghdaithe ar thaisteal oifigiúil.

Fáltais agus Costais 2016 - 2020



Faisnéis Airgeadais

Fáltais Agus Caiteachas 2020 (Níl cuntais iniúchta fós ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste)

Níor thuairiscigh an ARC&C go raibh a gcuid oibre iniúchta críochnaithe tráth a fhoilsithe agus dá bhrí sin tá an Ráiteas Airgeadais liostaithe mar ráiteas neamhiniúchta.

Fáltais	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	7,536
Táillí Trádmhairc	1,857
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDM I (Nóta 3)	622
Táillí Dearaidh	17
Táillí eile	103
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	94
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	193
Fáltais ghlan fabhráithe don Státchiste	9,848
Costais	€000
Tuarastail	2,346
Taisteal & Cothabháil	5
Ilnithe & Focostais	68
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	121
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	441
Costais Áitreabh Oifige	96
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl..	1
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	424
Iomlán	3,502

Nóta 1: Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

	€000
Táillí Paitinne	14,570
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	7,034
Táillí Paitinne glan fabhráithe don Státchiste	7,536

Nóta 2: Feidhmíonn Oifig mar Oifig fháltais d'iarraíais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltais glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDM I i rith 2020.

	€000
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDM I, an Ghinéiv	11
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich.	14
Iomlán	25

Nóta 3: De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

Spriocanna Feidhmiúcháin 2020

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige 2020 - 2022 cur chuige an IPOI maidir le príomhghníomhartha áirithe a sheachadadh agus bunaítear freisin réimse spriocanna feidhmiúchta a bhaineann le seachadadh seirbhíse a thuairiscítear thíos.

Paitinní		%		%
1	90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	90	100% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	96
2	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú	99	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ón gcomhdú.	100
3	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú.	50.5	100% d'fhógraí ar lochtanna substainteacha a eisiúint laistigh de 3 mhí ón gcomhdú	60
4	90% de phaitinní a dheonú agus deimhnithe deonaithe a eisiúint laistigh de 1 lá ón táille deonaithe a fháil.	90	100% de phaitinní a dheonú agus deimhnithe deontais a eisiúint laistigh de 3 lá ón táille deonaithe a fháil.	94
5	Deonú 80% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 12 mhí ó chomhdú iarratais.	46	Deonú 100% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 18 mí ó chomhdú iarratais.	86.5
6	95% de na hiarratais phaitinne neamhrannacha go léir a aicmiú le haghaidh a bhfoilsithe laistigh de 18 mí tar éis an dáta tosaíochta/comhdaithe.	56	100% de na hiarratais phaitinne neamhrannacha go léir a aicmiú le haghaidh a bhfoilsithe laistigh de 21 mhí tar éis an dáta tosaíochta/comhdaithe.	66.5
7	90% d'iarratais ar thascanna paitinne a chlárú a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá go hiomlán comhlánaithe a chur isteach.	82	100% d'iarratais ar thascanna paitinne a chlárú a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas iomlán comhlánaithe a chur isteach.	93.5
Deimhnithe Cosanta Forlíontacha		%		%
8	90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe maidir le hiarratais SPC ríomh-chomhdaithe a eisiúint ar an chéad lá oibre eile.	88	100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais SPC ríomh-chomhdaithe a eisiúint laistigh de 3 lá oibre.	98
9	90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe an SPC.	100	100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó dháta comhdaithe an SPC.	100
10	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 90% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha 4 mhí ar a laghad roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.	100	Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 95% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí.	100

Trádmharcanna		%		%
11	90% de na trádmharcanna a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 1 lá ón táille cláraithe a fháil.	94	100% de na trádmharcanna a chlárú agus deimhniú clúcháin a eisiúint laistigh de 3 lá ón táille cláraithe a fháil.	99
12	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre.	99	Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 4 lá oibre.	100
13	90% d'iarratais TM Náisiúnta a chinneadh maidir le glacadh nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	80	95% d'iarratais TM Náisiúnta a chinneadh maidir le glacadh nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais.	95.5
14	Déan cuardach tosaigh maidir le 90% d'iarratais nua TM laistigh de 5 lá oibre ó iad a fháil.	98	Déan cuardach tosaigh maidir le 100% d'iarratais nua TM laistigh de 8 lá oibre ó iad a fháil.	99
15	90% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 20 lá oibre ón éisteacht.	100	100% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 30 lá oibre ón éisteacht.	100
16	90% d'iarratais ar thascanna trádmhairc a chlárú a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre ó iarratas iomlán comhlánaithe a bheith curtha isteach.	87	100% d'iarratais aárr thascanna trádmhairc a chlárú a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas iomlán comhlánaithe a bheith curtha isteach.	92
Dearaí Tionscail		%		%
17	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 90% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre.	89	Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 100% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre.	100
18	90% de dhearaí a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 3 lá oibre tar éis an táille chlárúcháin a fháil.	74	100% de dhearaí a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 5 lá ón táille cláraithe a fháil.	94
Cóipcheart		%		%
19	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnu-achan Clárúcháin a eisiúint do 90% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt 5 lá oibre roimh dháta éaga an chlárúcháin. ¹	100	Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnu-achan Clárúcháin a eisiúint do 100% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt roimh dháta éaga an chlárúcháin.	100
Ábhar ginearálta		%		%
20	90% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 2 lá oibre.	98	100% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 4 lá oibre.	99

1 Tá an sprioc seo ag brath ar iarratais ar chlárú agus athnuachan cláraithe a bheith á gcur isteach níos mó ná 30 lá roimh an dáta athnuachana.

Déan teagmháil linn

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

T: (00353) 56 7720111

T: 1890 220223 (lastigh d'Eireann)

E: ipinfo@ipoi.gov.ie

www.ipoi.gov.ie



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland